

an
post

Rang 1 agus 2

Aire a Thabhairt dár bPobal



A Mhúinteoir, a chara,

An gcreideann tú go bhfuil sé ar ár gcumas todhchaí níos gile a fhás? Rud éigin níos úire, níos bríomhaire, domhan níos sona? Ag An Post, aithnímid go bhfuil an cumas ag gach duine againn athrú agus fás dearfach a chur chun cinn inár bpobail agus níos faide i gcéin.

Samhlaigh todhchaí ina mbeidh ár n-iarrachtaí comhchoiteanna cosúil le síolta a chuirtear in ithir ár bpobal. I mbliana tugaimid do dhúshlán gníomhartha dearfa a roinnt a chuirfidh feabhas ar phobail na hÉireann don todhchaí. Ní focail ar pháipéar amháin atá i gceist, ach céimeanna inbhraite a dhéanfaidh difríocht.

Ionchuimsitheacht a chothú do dhaoine scothaosta agus soghonta sa phobal, prionsabail laghdú, athúsáid agus athchúrsáil a spreagadh, spásanna don phobal ar nós gairdíní agus leabharlanna a bhunú, mar shamplaí, nó clubanna a thosú le haghaidh spóirt agus caitheamh aimsire, táimid ag súil le bhur dtuairimí chun athrú dearfa a dhéanamh sa bhfíorshaol. Teastaíonn scéala uainn faoi thograí beaga agus móra a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn ár bpobail.

Bí linn ar an iarracht seo mar sin, chun cur le fás, folláine agus inbhuanaitheacht ár dtíre dhil, Éire. Cuirimis na síolta don todhchaí ar féidir linn a mhúnlú agus a bheith bródúil aisti.



Comórtas Scríbhneoireachta An Post

Chun páirt a ghlacadh i gComórtas Scríbhneoireachta An Post "Aire a Thabhairt dár bPobal", lean na céimeanna seo a leanas. Cabróidh na leathanaigh seo a leanas leis na daltaí a gcuid iontrálacha aonair a chruthú!

Céim 1: Fiosraigh conas is féidir linn gníomhú chun pobail ionchuimsitheacha, comhbhácha inbhuanaithe a thógáil

Úsáid an Treoir don Mhúinteoir ar na leathanaigh seo a leanas chun ceisteanna tábhachtacha maidir le tionchar dearfa pobail a fhiosrú.

Céim 2: Leid Scríbhneoireachta

Léigh an Litir Shamplach thíos. Iarr ar na daltaí an teimpléad scríbhneoireachta a úsáid chun a gcuid litreacha féin a scríobh faoin gcaoi ar féidir leo aire a thabhairt dá bpobail don todhchaí. Is féidir leo pictiúr a chur lena litir ionas gur féidir linn a gcuid smaointe a fheiceáil á gcur i gcrích freisin!

Céim 3: Seiceáil do chuid Oibre

Spreag na daltaí chun ár seicliosta lámhscríbhneoireachta a úsáid chun eagarthóireacht a dhéanamh ar a saothar féin.

Céim 4: Seol isteach é!

- Líon isteach foirm iontrála le haghaidh gach dalta agus greamaigh an chóip lámhscríofa lena n-iontráil.
- Seol é chuig:
Comórtas Scríbhneoireachta An Post
Bosca OP 13287
Saorphost FDN7461
Baile Átha Cliath 1
- Is é an **28 Márta 2025** an spriocdháta chun iontráil a chur isteach.



Tá súil againn go bhfuil lúcháir ort a bheith páirteach i gComórtas Scríbhneoireachta An Post. Tá Treoir don Mhúinteoir curtha le chéile againn chun cabhrú leat scríobh litreacha a éascú i do rang.

1. Réamhrá

- Taispeáin na sleamhnáin do na daltaí agus cuir ceisteanna spreagtha orthu. Féadfaidh na daltaí smaointe a mhalartú i bpéirí agus b'fhéidir go mbeadh corr-nod ag teastáil uathu.
- Cad is brí le 'pobal'?
- Cad iad na pobail a mbaineann tú leo? (Smaoinigh ar do bhaile, do chlubanna, na háiteanna a dtaitníonn sé leat cuairt a thabhairt orthu)
- Cad a thaitníonn leat faoi do phobail?
- Conas a thugann tú cosaint nó aire do do phobal?
- Cad a mhothaíonn tú faoi a bheith páirteach i bpobal?
- Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach a bheith i bpobal?
- **Físeán An Post**
 - Taispeáin an físeán do na daltaí. Cuir ceisteanna ar na daltaí faoin méid a thuigeann siad.
- **Déan machnamh ar an bhfíseán:**
 - Cad a dhéanann na hoibrithe poist ag an doras?
 - An bhfuair tú litir/beart ó dhuine éigin riamh? Conas a mhothaigh tú?
 - Cén cineál veaineanna atá ag An Post? Cén fáth go bhfuil siad seo níos fearr ná veaineanna eile?
 - Cad is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le do phobal agus aire a thabhairt dóibh?
- **Faigh a dtuiscint ar na heochairfhocail seo a leanas ó na daltaí**
 - **Aire:** "cineáltas, aire agus freagracht a léiriú chun folláine, sábháilteacht agus sonas daoine nó rudaí atá i ngátar a chur chun cinn."
 - **Cothaigh:** "grá, cúram agus aird a thabhairt chun cabhrú le rudaí, daoine nó pobail fás agus a bheith sásta."
 - **Pobal:** "grúpa daoine a chónaíonn i gceantar ar leith nó a bhfuil spéiseanna i gcoiteann acu, ar nós an spóirt a imríonn siad."
 - **Inbhuanaithe:** "aire a thabhairt dár bpláinéad, an Domhan, ionas go mbeidh sé folláin go ceann i bhfad."
 - **Laghdú, Athúsáid, Athchúrsáil:** "bealaí le bheith níos cineálta don Domhan agus dramhaíl a laghdú."
 - **Bithéagsúlacht:** "na plandaí agus na hainmhithe éagsúla a mhaireann sa dúlra."

- **Éagsúlacht:** "fáilte a chur roimh chúlraí agus eispéiris uathúla gach duine agus iad a cheiliúradh."
 - **Ionchuimsiú:** "a chinntiú go mothaíonn gach duine sásta agus go bhfuil fáilte rompu páirt a ghlacadh agus spraoi/foghlaim le chéile".
- **Pléigh** (mar rang iomlán, i ngrúpaí nó i mbeirteanna) na híomhánna ar na sleamhnáin. Spreag plé ar na híomhánna, agus iad á n-úsáid mar spreagadh chun tuiscint na ndaltaí ar na hábhair a mheas. Spreag agus ceistigh de réir mar is gá chun cur lena dtuiscint ar an tábhacht a bhaineann le pobail ionchuimsitheacha agus chomhbhácha a chothú.

2. Léamh agus Scríobh

- Léigh an litir shamplach do na daltaí. Más féidir, taispeáin é ag an am céanna, ionas gur féidir leo leagan amach na litreach a fheiceáil.
- Pléigh an litir mar rang iomlán:
- Ceisteanna leide:
 - Cad iad na smaointe atá ag Bláithín ina litir?
 - An féidir leat smaoinemh ar a thuilleadh smaointe chun aire a thabhairt don phobal?
 - Cad atá i gceist ag Bláithín, dar leat, nuair a deir sí gur féidir le gach duine againn difríocht MHÓR a dhéanamh?
 - Conas is féidir leat do phobal a spreagadh le bheith páirteach?
- **Iarr ar na daltaí litir a chumadh ina leagfar amach bealaí praiticiúla chun tograí a chothú a chuirfidh inbhuanaitheacht, ionchuimsitheacht agus aire chun cinn laistigh dá bpobail, ag cinntiú todhchaí níos gile agus níos comhbháiche do chách.**
- Iarr ar na daltaí an teimpléad a chuirtear ar fáil a úsáid chun a litir a scríobh.
- Iarr ar na daltaí a gcuid litreacha féin a sheiceáil, ag baint úsáide as an seicliosta scríbhneoireachta a chuirtear ar fáil.

3. Iontráil a Chur Isteach

- Scríobh an leagan deireanach den litir sa teimpléad atá tugtha. Is féidir cóipeanna a dhéanamh de na litreacha ionas go mbeidh daltaí in ann iad a thaispeáint sa seomra ranga nó a roinnt lena dtuismitheoirí.
- Comhlánaigh an fhoirm iontrála agus cuir na hiontrálacha chuig an seoladh ar leathanach 1 den cháipéis seo.



Litir Shamplach

Léigh agus pléigh an litir thíos. Bunaithe ar litir Bhláithín, smaoinigh ar ghníomhartha is féidir a dhéanamh chun aire a thabhairt dár bpobail.

Is dalta bríomhar í Bláithín, i rang 2 i Scoil Náisiúnta Sunnyvale. Is breá léi a bheith ag foghlaim faoina pobal agus is breá léi teacht ar smaointe chun áit níos cineálta, níos ionchuimsithí a dhéanamh di.

25/02/25

A Dhaltai Rang 1 agus 2, a chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh lán de bhrí agus ullamh don eachtra iontach seo! Tá mé ag scríobh chugaibh inniu faoi rud fíor-thábhachtach - aire a thabhairt dár bpobail agus áit ar leith a dhéanamh astu do chách!

Ach ar dtús, ar chuala sibh riamh an focal 'Inbhuanaitheacht'? Baineann sé le bheith mór nó báuil leis an dúlra. Tá sé ar nós croitheadh láimhe nó caidreamh rúnda le crainn agus ainmhithe. Is iomaí bealach atá againn le roghanna níos fearr a dhéanamh ar son ár bpobal. Tá an athchúrsáil ann mar shampla, bealach draíochtúil chun rudaí nua iontacha a dhéanamh as seanrudaí. Samhlaigh é: d'fhéadfaí mála droma gleoite a dhéanamh as seanbhuidéil phlaisteacha nó leabhar nua a dhéanamh as páipéar úsáidte. Tá an athchúrsáil cosúil leis an dara sheans a thabhairt dár gcuid rudaí. Ar bhain tú triail as seo riamh sa bhaile?

Chomh maith leis sin, an gcreidfeá gur féidir beatha thurtar agus míolta móra a shábháil má úsáidimid níos lú plaisteach? Éalaíonn an plaisteach amach sa bhfarraige uaireanta agus déanann sé dochar do na héisc agus dainmhithe mara. Mar sin, nach bhféadfá buidéal uisce inathúsáidte a úsáid agus diúltú don phlaisteach aon úsáide? Beidh ár gcairde sa mhuir buíoch díot!

Ní hamháin go mbaineann aire a thabhairt dár bpobail leis na plandaí agus na hainmhithe timpeall orainn, ach leis na daoine freisin. Cén mhaithe a bheadh i bpobal gan locht mura mbeadh daoine ann chun taitneamh a bhaint as linn? Ní anseo a stopann ár dturas chun domhan iontach a thógáil! Is féidir linn aire a thabhairt dár bpobail freisin trí bheith cineálta agus gach duine a chur san áireamh.

Mar sin, smaoinigh mé féin agus mo chairde ar bhealaí chun áiteanna iontacha do chách a dhéanamh de phobail ár scoile agus ár gcomharsanachta. Bheartaigh muid ar Chlub Leabhar a thosú inár n-ionad óige mar ar féidir leat scéalta gnáíúla a léamh as gach cearn den domhan, agus mar a bhfuil fáilte roimh chách! Foghlaimíonn muid ar an gcaoi sin faoi chultúir éagsúla agus déanaimid cairde le daoine dochreidte a bhféadfadh taitní éagsúil a bheith acu. Nach bhfuil sé sin go hiontach?

Go raibh maith agat as mo thuairimí a léamh - tá mé ag súil go mór le do thuairimí féin a fháil. An bhfuil sárphlean agat chun scoil nó comharsanacht níos cairdiúla agus níos ionchuimsithí a chruthú? Ar smaoinigh tú ar chluiche taitneamhach le hiontaisí na hathchúrsála a mhúineadh do chách? Tabhair dúinn do thuairimí agus tógaimis na pobail is fearr is féidir linn!

Smaoinigh air: tá sé de chumhacht ag gach duine agaibh difríocht MHÓR a dhéanamh. D'fhéadfá smaoineamh ar na bealaí is féidir leat obair le daoine eile ar chuid de na tionscadail seo. An féidir leat a insint do mhamó agus do dhaideo cad atá ar siúl agat? Nó labhairt le do chomharsana nó do chairde? Is féidir linn pobal a chruthú le chéile ina mbeidh fáilte roimh chách, daoine as gach aicme ag teacht le chéile, agus aobhneas san aer! Bí ullamh don turas dochreidte seo i dtreo feabhas a chur ar ionchuimsitheacht agus ar chomhbhá an phobail.

Le grá ó Bhláithín.

an
post

Tarraing pictiúr
don litir anseo!

